**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**2024/0019(COD)**

**PE-CONS 50/24**
**COR 1**

**ECOFIN 216**
**FIN 174**
**CODEC 547**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le suibscríobh ag an Aontas Eorpach le scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus lena leasaítear an Comhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha a mhéid a bhaineann le leathnú raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF chuig an Afraic Fho-Shahárach agus an Iaráic, agus lena mbaintear an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí |

Ar leathanach 6, aithrisí (12) agus (13):

In ionad:

‘(12) I bhfianaise an ghá atá le cur ar chumas BEAF leanúint dá thacaíocht san Úcráin gan bhriseadh agus an ghá atá le scairsheilbh dhíreach an Aontais in BEAF a choinneáil ar bun, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, an méadú ar chaipiteal agus na leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear BEAF a fhormheas thar ceann an Aontais,’,

léitear:

‘(12) Ba cheart, dá bhrí sin, an méadú ar chaipiteal agus na leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear BEAF a fhormheas thar ceann an Aontais,’.